**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
***State Examinations Commission***

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2016***

# *Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad)*

## *Ardleibhéal*

## *Roinn A* *(40 marc)*

*Dé Luain, 20 Meitheamh*

*Tráthnóna, 2:00 - 4:00*

### *Treoracha*

*(a)* *Scríobh do **scrúduimhir** sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáidtear.*

*(b)* ***Ní mór** an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.*

*(c)* *Freagair **sé cheist déag** ar bith.*

*(d)* *Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

*(e)* *Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh.*

**Scrúduimhir**

**Uimhir an Ionaid**

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Iomlán na n-iomlán bunleathanaigh | |
| 2. | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe go léir | |
| 3. | An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. | Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| 5. | An marc iomlán a bronnadh má bhíonn Bónas Gaeilge i gceist (3+4) | |

**Nóta:** Ní mór don mharc i gcolún 3 (nó colún 5 má bronnadh Bónas Gaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc ***Móriomlán*** sa bhosca ar an script.

| Ceist | Marcanna | |
|---|---|---|
| Roinn A | | |
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| 4 | | |
| 5A nó 5B | | |
| Iomlán | | |
| Bónas na Gaeilge | | |
| Móriomlán | | |

# ROINN A - 40 MARC

***Freagair 16 cheist ar bith as an Roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.***

**1.** (i) Agus tic (✓) á úsáid agat, ainmnigh an uirlis chumhachta a thaispeántar.



**Cuasphlána** ☐ **Greanóir Fithiseach** ☐ **Preabshábh** ☐

(ii) Luaigh úsáid **AMHÁIN** ar leith a bhaintear as an uirlis seo.

**ÚSÁID**

**2.** (i) Ainmnigh an uirlis adhmadóireachta a thaispeántar.



**AINM**

(ii) Luaigh an úsáid cheart don uirlis seo.

**ÚSÁID**

**3.** Taispeánann na léaráidí thíos duilleoga ó chúig chrann atá coitianta in Éirinn.
Ón liosta seo a leanas sainaithin an t-ainm ceart ar gach crann:
***Cnó Capaill, Saileach, Dair, Teile, Fuinseog.***

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
|  |  |  |  |  |
| | | | | |


**4.** Is féidir le mic léinn atá ag déanamh staidéir ar ábhair theicneolaíochta úsáid a bhaint as printéir 3D chun fréamhshamhlacha/mionsamhlacha a dhéanamh dá gcuid tionscadal agus iad ag úsáid bogearraí CAD/CAM.

Cad dó a sheasann na litreacha Béarla **CAM**?

Luaigh buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le printéir 3D a úsáid.

**BUNTÁISTE**

**5.** (i) Taispeánann an léaráid clár atá díchumtha trasna ar a leithead. Cad a thugtar ar an díchumadh seo?



**FREAGRA**

(ii) Cad is cúis le clár a bheith díchumtha ar an dóigh sin?

**FREAGRA**

**6.** Is minic a dhéantar stiallacha tanaí adhmaid a ghliúáil le chéile chun píosaí cuara níos mó a dhéanamh.

(i) Cad é an t-ainm ceart atá ar an teicníc seo?




**TEICNÍC**

(ii) Luaigh buntáiste **AMHÁIN** ar leith a bhaineann leis an teicníc seo a úsáid.

**BUNTÁISTE**

**7.** (i) Taispeánann an léaráid sábh tionúir. Ainmnigh an pháirt a bhfuil an lipéad **A** uirthi sa léaráid.





**AINM**

(ii) Cén fheidhm atá ag páirt **A**?

**FEIDHM**

**8.** (i) Taispeánann an léaráid G-chrampa agus alt adhmadóireachta á choinneáil aige. Ainmmigh an fórsa atá á oibriú ag an G-chrampa.



**FÓRSA**

(ii) Ainmnigh cineál **AMHÁIN** fórsa eile.

**AINM**

**9.** Is minic a úsáidtear ***crágáin uillinne*** i ndlúthdhruilirí chun a bheith ag obair i spásanna a bhfuil sé deacair teacht orthu. Taispeánann an léaráid foireann beibheal-ghiaranna as crágán uillinne.



(i) Má rothlaíonn an giar is lú ar deiseal mar a thaispeántar, bain úsáid as saighead eile ar an léaráid chun treo rothlaithe an ghiair is mó a chur in iúl.

(ii) Tá 12 fhiacail ar an ngiar beag agus rothlaíonn sé ar luas 60 RPM. Má tá 36 fiacail ar an ngiar mór, cad é luas rothlaithe an ghiair mhóir?

**LUAS** ______ **RPM**

**10.** (i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar.



**AINM** ______

(ii) Cén úsáid a bhaintear as an uirlis seo de ghnáth?

**ÚSÁID** ______

**11.** (i) Cad é an t-ainm ceart ar an bhfeiste adhmadóireachta a thaispeántar?



**AINM** ______

(ii) Cén áit a mbainfí úsáid as an gcineál feiste ***ar leith*** seo?


**FREAGRA** ______

**12.** (i) Ainmnigh an meaisín adhmadóireachta a thaispeántar.

**AINM** ______

(ii) Luaigh buntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an meaisín seo a úsáid de rogha ar chrios-sábh.

**BUNTÁISTE** ______





(iii) Cén fheidhm atá ag an bpíobán plaisteach a bhfuil an lipéad **A** air sa léaráid?

**FEIDHM** ______

**13.** Taispeánann an léaráid an sreangú i bplocóid trí phionna. Ainmnigh na teirminéil/páirteanna 1 - 5.

| | |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |




**14.** Taispeánann an léaráid teach éan déanta as adhmad atá le péinteáil. Luaitear thíos roinnt céimeanna atá i gceist i bpéinteáil an tí. Cuir na céimeanna sa ord ceart.

***Fochóta, Líonadh, Cóta Bailchríche, Greanáil, Príméalach.***



**1.** ⇨ **2.** ⇨ **3.** ⇨ **4.** ⇨ **5.**

**15.** Luaigh **DHÁ** chúis ar gá bailchríoch dhromchla a chur ar dhéantán adhmaid.



**CÚIS 1**

**CÚIS 2**


**16.** (i) Taispeánann an léaráid cláir adhmaid atá stacáilte lena stálú. Cén t-ainm atá ar an mball a bhfuil an lipéad **A** air?

**BALL**

(ii) Ainmnigh **DHÁ** mhodh chun adhmad a stálú.

**MODH 1**

**MODH 2**



**17.** (i) Roinntear plaistigh ina dhá bpríomhchatagóir.

Ainmnigh na catagóirí sin.





**CATAGÓIR 1**

**CATAGÓIR 2**

(ii) Cén catagóir plaisteach ar féidir é a athmhúnlú?

**CATAGÓIR**

**18.** Agus tic (✓) á úsáid sa tábla thíos agat, cui in iúl cé acu **Bogadhmad** nó **Crua-adhmad** iad na crainn.



| Bogadhmad | Crainn | Crua-adhmad |
|---|---|---|
| | Dair | |
| | Sprús Sitceach | |
| | Feá | |
| | Giúis Dhúghlais | |
| | Mailp | |




**19.** Taispeánann na léaráidí trí mhodh chun adhmad a shnoí.

Sna spásanna atá curtha ar fáil, ainmnigh **GACH** modh díobh.









**20.** Taispeánann an íomhá ar dheis Binse Oibre Spraoi do pháiste. Taispeántar thíos freisin grafaic 3D, mar aon le hIngearchló agus Taobhchló toisithe de Bhinse Oibre cosúil leis.

*Tá an t-ábhar fráma go léir 50mm × 30mm agus tá an t-ábhar eile go léir 30mm ar tiús. Is bunailt iad na hailt go léir.*

Críochnaigh an liosta gearrtha a thugtar.









| Cur Síos | Líon | Fad | Leithead | Tiús |
|---|---|---|---|---|
| Cosa Tosaigh | | 500 | 50 | 30 |
| Cosa Cúil | 2 | 900 | 50 | 30 |
| Crosráillí (tosaigh agus cúil) | 4 | 680 | | 30 |
| Taobhráillí (clé agus deas) | 4 | | 50 | 30 |
| Barr an Bhinse Oibre | 2 | 1 | 800 | 450 |
| An Cúlphiosa Cuartha | 1 | 800 | | 30 |
| | 2 | 740 | Ø20 | |

**Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais ag deireadh an scrúdaithe.**

**Déan deimhin de go bhfuil do Scrúduimhir ar an leathanach tosaigh.**



Leathanach Bán